Preasráiteas 20.12.2022

Is ball nua de Ghnó Chill Dara é Dúlra Chill Dara

Fógraíodh inniu gur chláraigh *Dúlra Chill Dara* mar bhall de *Ghnó Chill Dara*, an scéim ghnó atá ag *Cill Dara le Gaeilge*, ceanneagraíocht na Gaeilge i gcontae Chill Dara. Tacaíonn an scéim seo le gnólachtaí a ngnó a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGaeilge ina gcaidreamh lena gcustaiméirí.

Ag fógairt na nuachta seo di, dúirt Sarah Walsh, Oifigeach Feidhmiúcháin, *Cill Dara le Gaeilge*: "Cuirfimid comhairliúchán saor in aisce ar fáil do *Dhúlra Chill Dara* agus cabhróimid leo iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua chun a ngnó a chur chun cinn. Gheobhaidh siad comhairle maidir le feachtais mhargaíochta shaincheaptha a rith agus conas úsáid á baint as ardáin ar líne agus as na meáin shóisialta. Is deis den scoth é an scéim seo do *Dhúlra Chill Dara* forbairt a dhéanamh ar a ngnó agus nasc a chruthú leis an méid an-suntasach daoine a úsáideann an Ghaeilge go rialta nó a bhfuil spéis acu sa teanga. Tá áthas orainn fáilte a chur roimh *Dúlra Chill Dara* faoin scéim seo agus guímid gach rath orthu.

D'eagraigh Dúlra Chill Dara siúlóid teaghlaigh ar bhruach na canála i Nás na Ríogh an mhí seo caite. Bhí na páistí an-sásta a bheith ag foghlaim faoi airde an compáis, an bhithéagsúlacht, an aibítir Ogham, scileanna breathnóireachta, an fiadhúlra, plandaí, gnáthóga agus logainmneacha. Nach iontach na seoda atá i bhfolach sa nádúr?! Siúlóid trí mheán na Gaeilge a bhí ann agus mar sin ní hamháin gur fhoghlaim muid faoin dúlra, d'fhoghlaim muid faoi trí Ghaeilge!"

Ráiteas ó Kate Maher, *Dúlra Chill Dara*: "Bhí grá agam ón tús don Ghaeilge a bhuí leis na múinteoirí spreagúla a bhí agam sa bhunscoil, cé nach raibh mé chomh líofa is gur mhaith liom a bheith. D'oibrigh mé agus chónaigh mé thar lear ar feadh seal agus mar sin ní raibh seans agam an spéis sin a fhás agus mo chuid Gaeilge a feabhsú. D'fhill mé ar Éirinn an bhliain seo caite agus thit mé i ngrá leis an nGaeilge an athuair, agus go háirithe leis na gnéithe sin a bhaineann leis an dúlra.

Thuig mé go raibh saibhreas faoi leith ag baint leis na gnáthfhocail a bhaineann leis an tuath, na hainmhithe agus na plandaí, cúrsaí aimsire agus saol na farraige. Mothaím go láidir gur fiú oidhreacht an stóir focal sin a chothú. Creidim gurb í an tsaoirse amuigh faoin aer an áit is fearr leis sin a dhéanamh, agus gurb iad na páistí agus a n-intinn fiosrach is fearr chun é sin a

dheanamh!

Táim ag súil go mór le bheith ag obair le *Cill Dara le Gaeilge* chun bá leis an teanga a spreagadh in ár bpáistí agus misneach a thabhairt dóibh úsáid a bhaint aisti ina saol laethúil. Is aoibhinn liom a bheith mar chuid den phobal atá ag úsáid na Gaeilge ina gcuid fiontar."

Tá *Cill Dara le Gaeilge* ar fáil do ghnóthaí sa chontae ar mhian leo aitheantas náisiúnta a fháil tríd an nGradam Gnó a bhaint amach, gradam de chuid an eagrais náisiúnta *Ghlór na nGael*. Tugann an scéim náisiúnta sin aitheantas do ghnólachtaí a úsáideann an Ghaeilge mar chuid dá ngnó nó a chuireann seirbhís trí Ghaeilge ar fáil.

Tá clú agus cáil ar chontae Chill Dara mar an contae leis an méadú is mó ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír. Tá deich nGaelscoil chomh maith le naíonraí, grúpaí pobail, eagraíochtaí agus coláistí samhraidh gníomhach sa chontae anois. De réir dhaonáireamh náisiúnta 2016, tá Gaeilge ag 85,426 duine i gcontae Chill Dara!

Tugtar maoiniú do *Chill Dara le Gaeilge* tríd an *Scéim Tacaíochta Gaeilge* atá ag A*n Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán*.

Tugann *Cill Dara le Gaeilge* cuireadh d'aon ghnó atá lonnaithe i gcontae Chill Dara agus ar mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoin scéim teagmháil a dhéanamh linn. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.

Tuilleadh Eolais: Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320

Pressrelease 20.12.2022

Dúlra Chill Dara joins Gnó Chill Dara

It was announced today that *Dúlra Chill Dara* has registered as a member of *Gnó Chill Dara*, a scheme for businesses run by *Cill Dara le Gaeilge*, the lead organisation for the Irish language in County Kildare. This scheme supports businesses to promote their business through the use of the Irish language in their relations with their customers.

Announcing this news, Sarah Walsh, Executive Officer, *Cill Dara le Gaeilge* said: "We will provide *Dúlra Chill Dara* with free consultation as well as exploring new ways of promoting their business. They will get advice on tailored marketing campaigns using online platforms and social media. This scheme is an excellent opportunity for *Dúlra Chill Dara* to develop their business and to create a link with the significant number of people who use Irish regularly or who are interested in the language. We are delighted to welcome *Dúlra Chill Dara into* this scheme and wish them every success.

Dúlra Chill Dara hosted a family walk along the canal bank in Naas last month. The children were delighted to learn about the compass directions, biodiversity, the Ogham Alphabet, observation skills, wildlife, plants, habitats and placenames. There really is treasure hidden in nature! This walk was conducted through the medium of Irish, not only did we learn about nature, we learned about it through Irish! "

Statement from Kate Maher, *Dúlra Chill Dara*: "I had a love of Irish from the beginning thanks to the inspiring teachers I had in primary school, although I was not as fluent as I would like to be. I worked and lived for a long time abroad so I didn't have the chance to grow that interest and improve my Irish. I returned to Ireland last year and again fell in love with the Irish language, and especially with those aspects of nature.

I realised that the usual words of the countryside, animals and plants, weather and sea life were particularly rich. I feel that it is worth sustaining the legacy of this vocabulary. I believe freedom outdoors is the best place to do so, and that children and their curious intentions are the best place to do so!

I look forward to working with Cill Dara le Gaeilge to encourage a sense of belonging to our

children and to encourage them to use it in their daily lives. I love being part of the community that is using the Irish language in their enterprises."

Cill Dara le Gaeilge is available to support businesses who wish to achieve national recognition with the **Gradam Gnó** from *Glór na nGael,* a national organisation that promotes the Irish language. This national scheme recognises businesses that use Irish as part of their business or who provide a service through Irish.

County Kildare is renowned as the county with the largest increase in the number of Irish speakers in the country. There are ten Irish-medium schools as well as pre-schools, community groups, organisations and summer colleges now active in the county. According to the 2016 national census, 85.426 people in County Kildare speak Irish!

Cill Dara le Gaeilge is funded through the *Irish Language Support Scheme* of the *Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media*.

Cill Dara le Gaeilge invite any County Kildare based businesses that would like to learn more about the scheme to get in touch, more information is available here: https://cilldaralegaeilge.ie/gno-chill-dara/.

More information: Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320